# INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2023

**Clár Ábhair** **Leathanach**

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh 1-13

Ráiteas faoi Chóras Rialuithe Inmheánach 14-17

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 18-19

Ráitis Airgeadais

- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 20
- An Ráiteas ar Athruithe ar an gCuntas Cúlchistí agus Caipitil 21
- An Ráiteas ar an Staid Airgeadais 22
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 23
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 24-42

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE RÁITEAS MAIDIR LEIS AN RIALACHAS CORPARÁIDEACH**

Tá Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm agus a chothabháil. Ghlac an Comhlacht Rialaithe le Cód Rialachais THEA d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018 (an Cód) an 10 Eanáir 2018.

Leis seo, mar Chathaoirleach agus Uachtarán, agus thar ceann an Chomhlachta Rialaithe agus na hInstitiúide, déanaimid na ráitis seo a leanas a chur i láthair de réir fhorálacha Alt 6.10 de Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais an Chóid.

**Comhlacht Rialaithe (An Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta - 1.18, 6.3)**

Déantar comhdhéanamh Chomhlacht Rialaithe IADT a chinneadh le hAcht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 go 2006 arna leasú. Tá an Comhlacht Rialaithe freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí na nInstitiúidí a threorú agus a stiúradh agus comhlíonann sé feidhmeanna lárnacha, lena n-áirítear: an treo straitéiseach agus pleananna móra gníomhaíochta, chomh maith le beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus Feidhmíocht na hInstitiúide, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchaiteachais chaipitil agus ar chinntí infheistíochta. Gníomhaíonn an Comhlacht Rialaithe ar bhonn eolasach eiticiúil iomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas na hInstitiúide, ag tabhairt aird chuí ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas.

**Plean Straitéiseach, Cláir Bhliantúla agus Buiséad (Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta - 1.17 agus Aguisín G, Mír 2)**

Tá Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide Plean Straitéiseach don Institiúid a ghlacadh go foirmiúil don tréimhse 2019 go 2023 agus cheadaigh sé na Cláir agus na Buiséid Bhliantúla don tréimhse sin. Rinne an Comhlacht Rialaithe meastóireacht ar an bhfeidhmíocht iarbhír, trí thagairt a dhéanamh do Phlean Straitéiseach agus do Bhuiséad na hInstitiúide.

**Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (viii), 8.22 agus Aguisín G, Mír 11)**

Tá sé deimhnithe ag Cathaoirleach Chomhlacht Rialaithe na hInstitiúide go gcloíonn IADT leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus gur chinntigh an Comhlacht Rialaithe go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm ann chun a chinntiú go gcomhlíontar prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Caitheachais Phoiblí, lena n-áirítear treoirlínte chun luach ar airgead a bhaint amach. Deimhníonn IADT go bhfuil a chuid polasaithe agus nósanna imeachta maidir le tionscadail chaipitil a bhainistiú i gcomhréir le prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Caiteachais Phoiblí agus an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitil.

**Cruinnithe na gComhlachtaí Rialaithe (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 4.9, 6.4 (iv) agus Aguisín G, Mír 8)**

Tháinig an Comhlacht Rialaithe le chéile 10 n-uaire le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2022 agus an 31 Lúnasa 2023 ar lean:

| Dáta Cruinnithe | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|
| 7 Meán Fómhair 2022 | 88% |
| 5 Deireach Fómhair 2022 | 65% |
| 2 Samhain 2022 | 65% |
| 14 Nollaig 2022 | 63% |
| 11 Ionad 2023 | 81% |
| 8 Márta 2023 | 69% |
| 10 Bealtaine 2023 | 63% |
| 14 Meatheamh 2023 | 50d% |

Tháinig an Comhlacht Rialaithe le chéile gan comhaltaí an Fheidhmeannais ar 10 Bealtaine 2023, mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar fhorbairt Phlean Straitéiseach nua an IEDT.

Reáchtáladh Cruinnithe an Bhoird Rialaithe ó mhí na Bealtaine 2022 i bhformáid hibrideach, agus d'fhreastail roinnt ball ar an gcampas, agus d'fhreastail cuid acu go cianda. Déantar taifead soiléir i Miontuairiscí an Chruinnithe ar na comhaltaí siúd a bhí ag freastal go cianda. Leasaíodh Buan-Orduithe an Bhoird Rialaithe i Mí Meán Fómhair na bliana 2020 chun foráil a dhéanamh do chruinnithe lán-neamhphearsanta nuair is gá leo agus baineann an fhoráil céanna le chruinnithe hibrideacha.

Leagtar sonraí thinreamh Chomhaltaí an Bhoird Rialaithe amach thíos:

| Comhalta an Bhoird Rialaithe | Líon na gCruinnithe ar Freastail | % den Tinreamh |
|---|---|---|
| David Holohan | 7 | 88% |
| David Smith | 8 | 100% |
| An Comh. Kazi Ahmed [1] | 2 | 100% |
| An Dr Fionnuala Anderson | 8 | 100% |
| An Comh. Michael Clark | 5 | 63% |
| Turlough Conway | 8 | 100% |
| An Dr Cormac Deane | 6 | 75% |
| An Comh. Anne Ferris | 7 | 88% |
| Ben Harper | 3 | 38% |
| Maeve McConnon [2] | 8 | 80% |
| Caitriona Murphy | 6 | 75% |
| Peter O'Brien | 6 | 75% |
| Eva Perez | 7 | 88% |
| An Comh. Úna Power | 0 | 0% |
| Punitha Sinnapan | 0 | 0% |
| Eoin Hicks Smith | 8 | 100% |
| Crow Mullen | 4 | 50% |
| Seán Kelly | 0 | 0% |
| Lavender Jane Gartlan | 0 | 0% |

[1] D'éirigh sé as i mí na Samhna 2022
[2] Cead neamhláithreachta arna dheonú ag an gComhlacht Ceannais ar chúiseanna pearsanta

**Costais an Chomhlachta Rialaithe idir an 1 Meán Fómhair 2019 agus an 31 Lúnasa 2020 (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 9.17 agus Aguisín H, Mír 3)**

Tá sonraí na dtáillí agus na speansas a d'éilíodh agus a íocadh le Comhaltaí an Bhoird Rialaithe leagtha amach thíos:

| Comhalta an Bhoird Rialaithe | Táillí Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe[3] | Costais Chomhaltaí an Chomhlachta | Táillí Agallaimh an Chomhlachta Rialaithe[4] | Costais Agallaimh an Chomhlachta Táillí |
|---|---|---|---|---|
| David Holohan | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| David Smith | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| An Comh. Kazi Ahmed | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| An Dr Fionnuala Anderson | Nialais | Nialais | €570.00 | Nialais |
| An Comh. Michael Clark | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Turlough Conway | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| An Dr Cormac Deane | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| An Comh. Anne Ferris | Nialais | Nialais | €285 | Nialais |
| Ben Harper | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Maeve McConnon | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Caitriona Murphy | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Peter O'Brien | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Eva Perez | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| An Comh. Úna Power | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Punitha Sinnapan | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Eoin Hicks Smith | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |
| Crow Mullen | Nialais | Nialais | Nialais | Nialais |

**Bainistíocht Riosca (7.2 agus Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín G, Mír 10)**

Formheasann an Comhlacht Rialaithe creat bainistíochta riosca na nInstitiúidí agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtúlacht, a fhormheas agus a mhaoirseacht ar Bheartas Bainistíochta Riosca IADT lena n-áirítear athbhreithnithe struchtúrtha agus tréimhsiúla agus nuashonruithe ar Chlár Riosca Corparáideach na hInstitiúide ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Cuimsíonn an t-athbhreithniú seo measúnú ar na príomhrioscaí, rátáil riosca agus maolaithe gaolmhara do gach ceann de na rioscaí atá leagtha amach i gClár Riosca Corparáideach na hInstitiúide

[3] Níl aon fhoráil ann do Chomhaltaí de chuid Chomhlacht Rialaithe IADT táillí a fháil as a mballraíocht sa Chomhlacht Rialaithe
[4] Faoi fhorálacha an phrionsabail Aon Duine Amháin, Aon Tuarastal Amháin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá cosc ar fhostaithe eagraíochtaí na hearnála poiblí íocaíochtaí seachas a dtuarastal a fháil agus dá bhrí sin ní bheadh aon táillí iníoctha maidir le tinreamh boird agallaimh

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (Cód THEA - 1.13 agus Aguisín G, Mír 6)**

Bhunaigh an Comhlacht Rialaithe Coiste Iniúchta agus Riosca de réir an Chóid. Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Tuarascáil Bhliantúil isteach le haghaidh formheas an Chomhlachta Rialaithe agus eisítear miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca chuig gach Ball den Chomhlacht Rialaithe.

Socraíonn Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta agus Riosca agus tá foráil iontu maidir le:

- Ballraíocht
- Riachtanais Tuairiscithe
- Údarás chun imscrúdú a dhéanamh
- Cruinnithe - uainiú, iompar agus minicíocht
- Ceanglais faisnéise
- Luach ar airgead
- Rialachas agus freagrachtaí maidir le:
    - An Bhainistíocht Riosca
    - Rialú Inmheánach
    - Iniúchóireacht Inmheánach
    - Iniúchadh Seachtrach
    - Athbhreithniú ar a éifeachtúlacht féin

Tá sonraí faoi bhallraíocht an Choiste Iniúchta agus Riosca agus na taifid tinrimh leagtha amach thíos.

De réir na dTéarmaí Tagartha don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, ceaptar Baill an Chomhlachta Rialaithe ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca go dtí go mbeidh a dtéarma oifige críochnaithe mar Chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe. Cheap an Comhlacht Rialaithe beirt bhall (an Dr Fionnuala Anderson agus Kieron Connolly) ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ag a chruinniú an 15 Meitheamh 2016 agus beirt bhall eile (Marie Carroll agus Maeve McConnon) ag a chruinniú an 1 Márta 2017. Tháinig deireadh lena dTéarmaí Oifige mar Bhaill den Choiste Iniúchóireachta ar an 31 Márta 2022 nuair a tháinig deireadh lena dTéarmaí Oifige mar Bhaill den Bhord Rialaithe.

Cheap an 7ú Bord Rialaithe 2 bhall ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcruinniú a tionóladh ar an 15 Meitheamh 2021. Ceapadh beirt bhall bhreise ag an gcruinniú ar an 6 Deireadh Fómhair 2021.

Cheap an Comhlacht Rialaithe ball seachtrach neamhspleách (Sam Dunwoody) ag a chruinniú an 12 Meitheamh 2019 ar feadh tréimhse ceithre bliana go dtí an 31 Bealtaine 2023. D'athcheap an Bord Rialaithe Sam Dunwoody don dara téarma oifige agus an téarma deiridh ceithre bliana ag a chruinniú ar an 14ú Meitheamh 2023.

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 4 huaire le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2021 go 31 Lúnasa 22.

| **Dáta Cruinnithe** | **Leibhéal Tinrimh** |
|---|---|
| 21 Mean Fomhair 2022 | 100% |
| 23 Samhain 2023 | 60% |
| 29 Márta 2023 | 60% |
| 12 Meitheamh 2023 | 60% |

Tá sonraí faoi fhreastal Chomhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca leagtha amach thíos:

| **Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca** | **Líon na gCruinnithe ar Freastail** | **Leibhéal Tinrimh** |
|---|---|---|
| An Comh. Michael Clark | 4 *(as 4)* | 100% |
| Sam Dunwoody | 4 *(as 4)* | 100% |
| Ben Harper | 4 *(as 4)* | 75% |
| Maeve McConnon | 1 *(as 4)* | 25% |
| Punitha Sinnapan | 2 *(as 4)* | 50% |

Tá Cathaoirleach an Chomhlachta Rialaithe sásta go bhfuil an Coiste Iniúchta agus Riosca tar éis a ról a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil agus gur chomhlíon sé na ceanglais maidir le minicíocht cruinnithe sa bhliain acadúil seo.

**Cruinnithe Coiste Eile (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 4.9, 6.4 (iv) agus Aguisín G, Mír 8)**

Tá cúig Choiste bunaithe ag an mBord Rialaithe: an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (a bhfuil sonraí fúthu leagtha amach thuas), an Coiste Earcaíochta agus Roghnúcháin, an Coiste CÉI, Coiste Ainmniúcháin an Bhoird Rialaithe, agus Coiste Athchóirithe an Bhoird Rialaithe. Feidhmíonn na Coistí go léir faoi na Téarmaí Tagartha arna gceadú ag an mBord Rialaithe, agus tuairiscíonn gach Coiste don Bhord Rialaithe uair sa bhliain ar a laghad.

Tháinig an Coiste na hEarcaíochta agus an Roghnúcháin le chéile 4 huaire i rith na tréimhse mar a leanas:

| **Dáta Cruinnithe** | **Leibhéal Tinrimh** |
|---|---|
| 26 Samhain 2022 | 75% |
| 18 Eanair 2023 | 75% |
| 27 Aibreánn 2023 | 100% |
| 28 Lúnasa 2023 | 100% |

Tá sonraí faoi fhreastal Chomhaltaí na hEarcaíochta agus an Roghnúcháin leagtha amach thíos:

| **Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca** | **Líon na gCruinnithe ar Freastail** | **Leibhéal Tinrimh** |
|---|---|---|
| David Holohan (Cathaoirleach) | 4 *(as 4)* | 100% |
| An Dr Fionnuala Anderson | 2 *(as 4)* | 50% |
| Peter O'Brien | 4 *(as 4)* | 100% |
| David Smith | 4 *(as 4)* | 100% |

Tháinig an Coiste Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le chéile 4 huaire i rith na tréimhse mar a leanas:

| Dáta Cruinnithe | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|
| 10 Deireadh Fómhair 2022 | 70% |
| 13 Márta 2023 | 67% |
| 25 Bealtaine 2023 | 58% |

Tá sonraí faoi fhreastal Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú leagtha amach thíos:

| Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca | Líon na gCruinnithe ar Freastail | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|---|
| An Comh. Anne Ferris Cathaoirleach) | 3 *(as 3)* | 75% |
| Mary Collins | 1 *(as 3)* | 33% |
| Micaela Dunne | 3 *(as 3)* | 100% |
| An Dr Daithí Mac Síthigh | 2 *(as 3)* | 67% |
| Claire McGing | 3 *(as 3)* | 100% |
| Alice Morrissey | 2 *(as 3)* | 67% |
| Crow Mullen [5] | 0 *(as 2)* | 0% |
| Caitriona Murphy [6] | 1 *(as 2)* | 50% |
| Hannagh Murphy | 1 *(as 3)* | 33% |
| An Dr Suha Shakkour | 2 *(as 3)* | 67% |
| David Smith | 3 *(as 3)* | 100% |
| Anne Wright | 1 *(as 3)* | 33% |

Bunaíodh Coiste Athchóirithe an Bhoird Rialaithe i mí Eanáir 2023 chun nósanna imeachta a fhorbairt chun an Comhlacht Rialaithe a cheapadh faoin Acht um Údarás um Ard-Oideachas 2022. Tháinig an Coiste le chéile dhá uair le linn na tréimhse mar a leanas, agus lánscoireadh é i Márta 2023:

| Dáta Cruinnithe | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|
| 1 Feabhra 2023 | 100% |
| 27 Feabhra 2023 | 100% |

[5] Ceaptha ar Choiste an CÉC i mí Samhain na bliana 2022
[6] Ceaptha ar Choiste an CÉC i mí Nollaig na bliana 2022

Tá sonraí faoi fhreastal Coiste Athchóirithe an Chomhlachta Ceannaisleagtha amach thíos:

| Ball den Choiste Athchóirithe an Chomhlachta Ceannaislagtha | Líon na gCruinnithe ar Freastail | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|---|
| David Holohan Cathaoirleach) | 2 *(as 2)* | 100% |
| An Dr Fionnuala Anderson | 2 *(as 2)* | 100% |
| An Chomh. Anne Ferris | 2 *(as 2)* | 100% |
| Peter O'Brien | 2 *(as 2)* | 100% |

Bunaíodh Coiste Ainmniúcháin an Bhoird Rialaithe i mí an Mhárta 2023 chun ainmniúcháin a aimsiú don Bhord Rialaithe de réir na Nósanna Imeachta chun Comhlachtaí Rialaithe a Cheapadh agus an tAcht um Údarás um Ard-Oideachas 2022. Tháinig an Coiste le chéile 7 n-uaire le linn na tréimhse mar a leanas:

| Dáta Cruinnithe | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|
| 20 Márta 2023 | 100% |
| 17 Aibreán 2023 | 60% |
| 18 Aibreán 2023 | 60% |
| 30 Bealtaine 2023 | 80% |
| 14 Iúil 2023 | 80% |
| 2 Lúnasa 2023 | 80% |
| 24 Lúnasa 2023 | 60% |

Tá sonraí faoi fhreastal Coiste Ainmniúcháin an Bhoird Rialaithe amach thíos:

| Ball den GB Nominations Committee | Líon na gCruinnithe ar Freastail | Leibhéal Tinrimh |
|---|---|---|
| David Holohan Cathaoirleach) | 7 *(as 7)* | 100% |
| An Dr Fionnuala Anderson | 7 *(as 7)* | 100% |
| An Chomh. Anne Ferris | 5 *(as 7)* | 71% |
| Maeve McConnon | 0 *(as 7)* | 0% |
| Peter O'Brien | 6 *(as 7)* | 86% |

**Meastóireacht Feidhmíochta ar an gComhlacht Rialaithe agus a Choistí (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 4.6, 6.10 (xxii) agus Aguisín G, Alt 4) (Cód DPER - 4.6) (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Mír 26)**

Rinne an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú oifigiúil ar a Fheidhmíocht agus a Éifeachtacht i bhFómhar 2018. Tá sé i gceist ag an 7ú Bord Rialaithe athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus a éifeachtacht in 2024.

Rinne an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú inmheánach bliantúil ar a éifeachtúlacht ag a chruinniú ar tionóladh an 13 Méan Fómhair 2023.

Déanann Coistí an Chomhlachta Rialaithe athbhreithnithe féinmheasúnaithe ar a bhfeidhmíocht agus tuairiscíonn siad orthu, trína dtuarascálacha bliantúla don Chomhlacht Rialaithe, a chuirtear i láthair lena nglacadh go foirmiúil ag an gComhlacht Rialaithe.

**Saincheisteanna Rialachais Ghinearálta agus Cuntasachta (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.9 (xxviii) agus Aguisín I, Mír 32)**

Is féidir linn, in IADT, a dhearbhú nach bhfuil aon saincheisteanna rialachais agus cuntasachta ar mian leis an Institiúid aird an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an HEA a thabhairt orthu.

**Diúscairtí Sócmhainní (Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta - 8.39)**

Is féidir linn, in IADT, a dhearbhú nach ndearnadh aon diúscairt ar shócmhainní ná deontais rochtana ar mhaoin nó ar bhonneagar le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe os cionn na tairsí €150,000, nach raibh faoi réir ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch i rith na bliana airgeadais.

**Forbairtí Suntasacha Tráchtála a théann i bhfeidhm ar an Institiúid (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (ii) agus Aguisín I, Mír 3)**

Chomhlíon IADT forálacha reachtúla na nAchtanna RTC 1992-1999, arna leasú, an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 arna leasú, agus Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, arna leasú agus de réir mar is infheidhme maidir le IADT.

Chuir an Institiúid in iúl don ÚAO, i Mí Aibreán na bliana 2022, faoi róchaiteachas réamh-mheasta €257k (nó 1% dá buiséad iomlán don bhliain 2022) ar a chuid ghníomhaíochtaí oibríochtúla. Trí bhainistíocht stuama a chur isteach, baineadh buiséad comhardaithe amach ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla don bhliain féilire 2022, d'ainneoin easnamh beag an airgeadais a thainig as Tréimhse Airgeadais na bliana 2021/22.

Chuir an Institiúid in iúl don ÚAO, i mí Aibreán na bliana 2023, faoi róchaiteachas réamh-mheasta €419k (nó 1.8% dá buiséad iomlán don bhliain 2022) ar a chuid ghníomhaíochtaí oibríochtúla. Meastar go dtarlóidh róchaiteachas ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla don bhliain 2023, agus tá sé seo níos measa mar gheall ar maoiniú forbairtí suntasacha caipitil ó chúlchistí, rud a d'fhág go bhfuil an t-easnamh a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais seo.

Is dóigh go dtiocfaidh na saincheisteanna seo a leanas chun cinn sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus go mbeidh tionchar diúltach acu ar staid airgeadais na hInstitiúide.

Chuir IADT in iúl don ÚAO roimhe seo maidir le heasnaimh shuntasacha rialála chomhlíonta foirgneamh an Fhoirgnimh Chearnóg (déanta i gcaitheamh céimeanna éagsúla ó na 1800í go dtí na 1980í) ar an gCampas. Ní chomhlíonann an foirgneamh seo na Rialacháin Foirgníochta agus thug an Institiúid fógra don Roinn Oideachais agus don HEA araon maidir leis seo i go leor aighneachtaí ó 2003 amach. Teastóidh maoiniú breise suntasach ón bhfoirgneamh seo ar bhonn éigeandála thar roinnt blianta chun comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta a chinntiú, mar aon le timpeallacht oiriúnach foghlama agus oibre don fhoireann agus do mhic léinn. Tá an IEDT i mbun cainteanna faoi láthair le hAonad Caipitil an ÚAO maidir le hathfhorbairtí féideartha ar an bhfoirgneamh seo.

Tugann an Bord Rialaithe faoi deara go gcuirfear tús le tógáil Fhoirgneamh na Meán Digiteach trí chonradh CPP, agus tuigeann an IEDT anois go mbeidh an foirgneamh seo ar fáil don Institiúid ó Eanáir 2025. Bhí sé beartaithe don bhfoirgneamh seo, mar aon le foirgnimh eile, a bheith ar fáil ar an gCampas in 2012 agus tá roinnt tionchair shuntasacha ag an moill seo de 12 bhliain ar an Institiúid. Tá easpa na bhfoirgneamh seo ag cur bacainn ar réamh-mheastacháin fáis na hInstitiúide, atá riachtanach chun freastal ar riachtanais mhéadaitheacha mac léinn i ndobharcheantar na hInstitiúide. Chabhródh an fás féideartha seo ar líon na mac léinn leis an Institiúid a staid airgeadais a chobhsú agus mhaolódh sé in aghaidh na dtorthaí easnaimh a thagann chun cinn go tréimhsiúil. Tá an riosca féideartha don Institiúid, dá foireann agus dá mic léinn a eascraíonn as an gceanglas leanúnach atá ann oibriú, obair agus staidéar i bhfoirgnimh nach bhfuil oiriúnach suntasach maidir le cumas agus riachtanas dlíthiúil na hInstitiúide áiteanna a sholáthar chun obair agus staidéar a chomhlíonann bunriachtanais na reachtaíochta.

**Achoimre ar Idirbhearta Uile-Chláir Chomhardaithe na hInstitiúide (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (iii) agus Aguisín I, Mír 4)**

Ní dhearnadh aon idirbhearta lasmuigh den chlár comhardaithe i rith na bliana seachas mar atá tuairiscithe in áiteanna eile sna Ráitis Airgeadais seo agus / nó atá tuairiscithe don C&AG.

**Cód Iompair do Chomhaltaí agus d'Fhostaithe (Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (vi) agus Aguisín I, Mír 6)**

Is féidir IADT a dhearbhú go bhfuil Cód Iompair do Chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe agus Cód Iompair d'Fhostaithe curtha i bhfeidhm. Áirítear leo siúd coinbhleacht leasa agus eitic shoiléir i mbeartais agus riachtanais oifigí poiblí.

**Comhlíonadh Bheartas an Rialtais maidir le Pá an Uachtaráin agus Pá Fostaithe na hInstitiúide (Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (viii) agus Aguisín I, Mír 7)**

Is féidir leis an IADT a dhearbhú gur chomhlíon an Institiúid a cuid oibleagáidí faoi bheartas an Rialtais maidir le pá an Uachtaráin agus pá gach fostaí eile de chuid na hInstitiúide.
Féach nóta nochtaithe 9 sna ráitis airgeadais freisin.

**Ráiteas Comhlíonta (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 9.17 agus Aguisín I, Mír 9)**

Deimhníonn Cathaoirleach IADT go bhfuiltear ag comhlíonadh Treoirlínte Pá an Rialtais maidir le ceapúcháin dá leithéid a fhónann ar an gComhlacht Rialaithe agus ar aon fhochuideachtaí [7]den Institiúid.

**Tuairisciú Rúnda ar an Nochtadh - An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (xiii) agus Aguisín I, Mír 13)**

Deimhníonn an Comhlacht Rialaithe go bhfuil nósanna imeachta maidir le Tuairisciú Nochtadh Rúnda curtha i bhfeidhm in IADT. Leis na nósanna imeachta sin, ligtear d'fhostaithe ábhar imní a chur in iúl faoi rún maidir le neamhrialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó in aon ábhair eile, chomh maith le cinnte a dhéanamh de go ndéantar obair leantach agus fiúntach ar ábhair a ardaítear ar an mbealach seo. Tá an Tuairisciú ar Nochtadh Rúnda atá i bhfeidhm ag IADT ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Deimhníonn an Comhlacht Rialaithe freisin gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil, mar a cheanglaítear faoi alt 22 (1) den Acht.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta ó fhostaithe IADT i rith na bliana.

[7] Níl aon Fhochuideachtaí ag IADT le linn na tréimhse.

**Dlíthe Cánach (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.9 (xvi agus Aguisín I, Mír 15)**

Is féidir leis an IADT a dhearbhú gur chomhlíon an Institiúid a cuid oibleagáidí faoin dlí cánach. Féach nóta nochtaithe 13 sna ráitis airgeadais freisin.

**Díospóidí Dlí (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta Cód - 8.45 agus Aguisín I, Mír 16 agus Cód THEA 8.45)**

Tá miondealú ar na costais / socraíochtaí dlí curtha san áireamh i nóta nochtaithe 12 na ráiteas airgeadais. Níl aon díospóidí dlí ag IADT a bhaineann le Comhlachtaí Stáit eile.

**Fochuideachtaí na hInstitiúide (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.10 (xviii), 6.10 (xxviii) agus Aguisín I, Alt 18 agus Mír 31)**

Níl aon fhochuideachtaí curtha i mbun ag IADT agus níl aon fhochuideachtaí bunaithe aici roimhe seo.

**Cothromaíocht inscne, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta (Iarscríbhinn Chód DPER, Imlitir 14/2020)**

Aithníonn IADT cé chomh tábhachtach is atá an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú do bhaill foirne agus mhic léinn uile na hInstitiúide. Maidir leis sin, tá roinnt tionscnamh curtha i bhfeidhm ag an Institiúid atá dírithe ar thimpeallacht chuimsitheach a chur chun cinn tuilleadh, lena n-áirítear:

- *Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsitheachta* don Institiúid a bheith foilsithe. Baineann an beartas leis an bhfoireann agus leis na mic léinn araon agus tá tiomantas a IADT i dtaca leis an gComhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsitheacht leagtha amach ann i gcomhthéacs reachtach an chomhionannais in Éirinn. Tá raon deiseanna oiliúna EDI atá ag gabháil leis an mbeartas atá ar fáil don fhoireann go léir, agus tá an raon sin ag dul i méid le himeacht ama.

- Chun an comhionannas inscne agus idirchreidmheachas a chur chun cinn ar an gcampas, tá bealach leagtha síos ag an Institiúid chun iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú Cré-umha Athena SWAN i 2022. Tá an próiseas seo á stiúradh ag foireann féinmheasúnaithe atá ionadaíoch ar an bhfoireann agus a bhfuil mic léinn ag glacadh páirte ann.

- Chun cultúr campais a chinntiú atá sábháilte, measúil agus tacúil do chách, tá IADT ag obair chun *an Creat Toilithe in IAO* a chur i bhfeidhm go hiomlán. Áirítear leis seo ceardlanna toilithe a chur ar fáil do gach mac léinn nua agus oiliúint foirne sa nochtadh gnéasach agus sa toiliú gnéasach do na fostaithe is mó a bhíonn ag plé go díreach leis na mic léinn.

Amhail an 31ú Lúnasa 2023, bhí 8 (42%) mná ag an mBord Rialaithe, 8 (42%) fir, 1 (5%) neamh-dhénártha, agus 2 fholúntas (11%) i measc a chomhaltaí. Mar sin, comhlíonann an Bord Rialaithe sprioc an Rialtais d'ionadaíocht 40% ar a laghad de mhná agus d'fhir i mballraíocht bhoird chomhlachtaí stáit. Mar sin baineadh amach forálacha Alt 6(10)(a) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 arna leasú le hAlt 109 d'Acht an ÚAO 2022.

Féach leathanach 3 le haghaidh liosta de chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe agus a róil.

**Taisteal agus Cothabháil (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.3 agus Aguisín H, Mír 8)**

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Taisteal intíre | 67 | 19 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 457 | 264 |
| **Iomlán** | **524** | **283** |

**Caiteachas Fáilteachais (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.3 agus Aguisín H, Mír 9)**

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Imeachtaí foirne | 0 | 0 |
| Imeachtaí do Mhic Léinn (lena n-áirítear imeachtaí bronnta) | 0 | 0 |
| Seachtrach Eile | 38 | 24 |
| **Iomlán** | 41 | 24 |

**Costais / Socruithe Dlíthiúla (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.3 agus Aguisín H, Mír 10)**

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla | 1 | 5 |
| Socraíochtaí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 1 | 5 |

**Táillí Comhairliúcháin (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 6.5. Aguisín H, Alt 4 agus Aguisín I, Mír 23)**

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Táillí Gairmiúla: Comhairleach Airgeadais | 16 | 22 |
| Táillí Gairmiúla: Iniúchóireacht Inmheánach | 21 | 23 |
| Táillí Gairmiúla: Margaíocht agus Caidreamh Poiblí | 5 | 60 |
| Táillí Gairmiúla: Acmhainní Daonna | 41 | 31 |
| Táillí Foirne Dearaidh (Oibreacha Tógála) | 56 | 0 |
| Táillí Gairmiúla: Eile | 8 | 4 |
| **Iomlán** | 147 | 140 |

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - 1.18 agus Aguisín G, Mír 3)**

Rinne an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil agus ar an Ráiteas Airgeadais, agus rinne iad a fhormheas, agus measann sé gur léargas fíor agus cothrom é an Ráiteas Airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana.

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUSTEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN RIALACHAS CORPARÁIDEACH**

**Ráiteas Freagachta na hInstitiúide**

Faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, ceanglaítear ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an Institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil an bunús sin míchuí chun glacadh leis go leanfaidh an Institiúid ag feidhmiú
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006.

Tá an Institiúid freagrach chomh maith as a cuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach | *16 Bealtaine 2024* Dáta |
| Uachtarán | 16 *Bealtaine 2024* Dáta |

**Raon Feidhme na Freagrachta (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha, Mír 1)**

Thar ceann an Chomhlachta Rialaithe, admhaímid an fhreagracht atá againn as cinnte a dhéanamh go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san institiúid éifeachtach, agus as próisis agus nósanna imeachta a bheith curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. San fhreagracht seo, tá riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) le braith, de réir mar atá sé léirithe i gCód Rialachais THEA d'Institiúidí Teicneolaíochta.

**Cuspóir an Chórais um Rialuithe Inmheánacha (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha, Mír 2)**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun an riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha, seachas chun deireadh a chur leis. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha.

Tá an córas rialuithe inmheánaicha, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm san IADT don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2023 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Athbhreithniú ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír iv)**

Dearbhaímid go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

**Timpeallacht Rialaithe Iomchuí (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír vi)**

Tá céimeanna glactha ag an gComhlacht Rialaithe chun deimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Nósanna imeachta agus rialacháin a fhorbairt, a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta agus a dhéantar a dhoiciméadú, a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú, trí bhíthin feidhmeanna éagsúla Coiste, chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht.
- Nósanna imeachta a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh agus cloí leis mar atá cuimsithe sa Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta
- Cinnte a dhéanamh de go n-áiríonn an timpeallacht rialaithe Coiste Iniúchta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúchta inmheánaigh agus tuairisciú rialta don Chomhlacht Rialaithe ar fheidhmíocht airgeadais.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat faisnéisithe rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, agus an leithdheighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta ina measc. Áirítear leis, ar bhonn ar leith:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach lena ngabhann buiséad bliantúil a ndéanann an Comhlacht Rialaithe é a athbhreithniú agus comhaontú air agus údarás tarmligthe nuair is iomchuí, chun an Leithdháilea Bliantúil a bhainistiú agus a rialú arna dheonú ag an Údarás Ardoideachais agus ioncam agus caiteachas eile
- Córais faisnéis bhainistíochta i dtaca leis an mbainistíocht airgeadais, le taifid agus bainistíocht acmhainní daonna, le faisnéis leabharlainne, le taifead mac léinn, agus leis an riarachán acadúil agus le faisnéis um shocruithe amchláir. Cuirtear faisnéis ar fáil leis na córais seo lena mbeifear in ann comparáidí a dhéanamh idir na torthaí iarbhír agus na torthaí atá réamhaiste i mbuiséad
- Córas leithdháilte acmhainní
- Córas um bainistíocht ar riosca lena ndéanfar tuairiscí agus athbhreithnithe go rialta
- Athbhreithnithe rialta a bheith déanta ag an gComhlacht Rialaithe ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas
- Comhairle Acadúil a thuairiscíonn don gComhlacht Rialaithe
- Creat Cáilíochta Acadúil lena n-áireofar próisis agus treoracha rialaithe acadúla agus cáilíochta agus iad sainmhínithe go soiléir
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainmhínithe go soiléir
- Disciplíní bainistíochta tionscadail oifigiúla

**Rioscaí Gnó (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír vii)**

Tá próisis forbartha ag IADT chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas. Léirítear é sin i roinnt slite, na cinn seo san áireamh:

- Múnla Gníomhaíochtaí agus Próisis Riachtanacha a fhorbairt chun bainistíocht agus an Comhlacht Rialaithe a éascú chun na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá i bhfeidhm chun a oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach a aithint.
- Beartas Bainistíochta Riosca a Ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe a aithint chun na rioscaí seo a mhaolú.
- Tuairisciú ar Bhainistíocht Riosca trí mhíreanna buana ar an gclár oibre ag an mBord Rialaithe, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag cruinnithe Feidhmiúcháin.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairisciú ar thorthaí a baineadh amach.
- Creat Rialaithe Inmheánach a chur i bhfeidhm.
- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú agus comhaontú air.
- Athbhreithnithe rialta ag an gComhlacht Rialaithe agus a choistí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sainmhínithe go soiléir.

Leanann an IEDT le cianobair na foirne ar feadh cuid den tseachtain oibre . Tá athbhreithniú déanta ag IEDT ar na próisis ábhartha an cheada chun a chinntiú go bhfuil an rialthimpeallacht maidir leis an gcianobair ar a laghad ar an leibhéal céanna comhionann leis an rialthimpeallacht atá i bhfeidhm ar an gcampas.

**Córais Faisnéise (Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta Cód - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír viii)**

Chuir IADT roinnt Córais Faisnéise Bainistíochta i bhfeidhm chun bealach a sholáthar chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le spriocanna agus réamhaisnéisí. I measc na gcóras seo tá:

- Bainistíocht Airgeadais - Agresso / Unit4 ERP
- Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Párolla – CoreHR

- Taisteal agus Cothabháil - CoreHR
- Riarachán na Mac Léinn - Meirge
- An tAmchlárú – CMIS
- Faisnéis Taighde - PURE

**Impleachtaí Airgeadais na Mór-Rioscaí Gnó (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír ix)**

Fostaíonn IADT raon gníomhartha chun an poitéinseal do ghníomhaíocht chalaoiseach a laghdú. Cuimsíonn creat beartais rialaithe inmheánaigh IADT beartais agus nósanna imeachta i scríbhinn lena gceanglaítear idirbhearta a údarú i gceart agus foráil a dhéanamh maidir le leithscaradh leordhóthanach dualgas.

**Comhlíonadh na Rialacha agus na dTreoirlínte Soláthair (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha, Mír 7)**

Dearbhaímid go bhfuil Plean Soláthair Corparáideach ag an Institiúid mar aon le Polasaithe agus Nósanna Imeachta Soláthair atá i bhfeidhm agus atá á gcur i bhfeidhm agus á monatóireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí agus treoir ábhartha a fhéadfaidh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) a eisiúint, an tSeirbhís Soláthair Oideachais (EPS) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níor aithníodh aon sáruithe ar na treoirlínte seo i rith na bliana.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír x)**

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag IADT chun éifeachtúlacht na bainistíochta riosca agus an rialaithe a mhonatóiriú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Chomhlachta Rialaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair Fheidhmeannas agus Bainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as creat an rialaithe inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, na nIniúchóirí Inmheánacha agus tráchtanna a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Tá feidhm iniúchta inmheánach foinsithe allamuigh ag an Institiúid, a fheidhmíonn de réir Chód Rialachais THEA d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018. Bíonn obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochtaithe dó agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn Coiste Iniúchta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, soláthraíonn na hIniúchóirí Inmheánacha tuarascáil ar ghníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh do Choiste Iniúchta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe. Tá béim leagtha ag na tuarascálacha seo ar aon easnaimh nó laigí atá sa chóras rialaithe inmheánaigh chomh maith leis na bearta ceartaitheacha a mholtar le glacadh nuair is gá. Faigheann Coiste Iniúchta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaíodh.

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe athbhreithniú ar na rialuithe oibriúcháin inmheánacha atá i bhfeidhm san Institiúid agus tuairiscíonn an Coiste maidir leo agus tríd an struchtúr Iniúchta Inmheánaigh is féidir a dheimhniú go bhfuil réim rialaithe oiriúnach i gcrích laistigh den Institiúid. Ar an 7 Nollaig 2023, thuairiscigh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe don Chomhlacht Rialaithe maidir leis na bearta a rinne sé sa bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2023. Deimhnímid go ndearna an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31 Lúnasa 2023 ar an 7 Nollaig 2023.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3, Fo-mhír i)**

Rinne an Comhlacht Rialaithe athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2023 an 7 Nollaig 2023.

**Sáruithe ar Rialú Inmheánach, Laigí i Rialú Inmheánach agus Caillteanais Ábhair nó Calaoisí a Nochtadh (Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Alt 3 (ii), Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 3 3 (iii), Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Mír 5 agus an Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta - Aguisín I, Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Alt 6)**

Tá an Comhlacht Rialaithe sásta nár sainaithníodh aon sáruithe nó laigí sa rialú inmheánach a éilíonn nochtadh i Ráiteas an Chórais um Rialuithe Inmheánacha na hInstitiúide.

**Sínithe thar ceann Chomhlacht Rialaithe Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**
\

| | |
|---|---|
| ______________________ | *16 Bealtaine 2024* |
| Cathaoirleach | Dáta |
| ______________________ | *16 Bealtaine 2024* |
| Uachtarán | Dáta |

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology for the year ended 31 August 2023 as required under the provisions of the Institutes of Technology Acts 1992 to 2006. The financial statements comprise

- the statement of comprehensive income
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Institute at 31 August 2023 and of its income and expenditure for the year then ended in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Institute and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Institute has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the corporate governance statement and the statement on system of internal controls.

My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Mary Henry**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**20 May 2024**

**INSTITIÚID EALAÍNE, DEARTHA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE**
**AN RÁITEAS AR ATHRUITHE AR AN GCUNTAS CÚLCHISTÍ AGUS CAIPITIL DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 LÚNASA, 2023**

| | Notaí | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontas Stáit | 3 | 13,669 | 12,375 |
| Táille Teagaisc | 4 | 8,573 | 9,090 |
| Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha | 17 | 1,847 | 1,737 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 5 | 3,240 | 1,905 |
| Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 6 | 260 | 319 |
| Ioncam ó Ús | | 81 | 0 |
| Cistiú Pinsin Iarchurtha | 10 | 5,259 | 5,982 |
| Ioncam Eile | 7 | 1,155 | 1,053 |
| | | 34,084 | 32,461 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais Foirne | 9 | 19,947 | 18,037 |
| Costas Sochar Scoir | 10 | 5,259 | 5,982 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 12 | 7,502 | 6,409 |
| Dímheas | 14 | 1,847 | 1,737 |
| | | 34,555 | 32,165 |
| **GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHA** | | (471) | 296 |
| Aistriú go Tionscadail Chaipitil | | (406) | (395) |
| **EASNAMH IOMLÁN** | | | |
| Laghdú ar Dhliteanais Phinsin a d'eascair as Scoir i rith na Bliana | 10 | 1,880 | 3,921 |
| Athruithe ar Thoimhdeanna atá mar bhonn agus taca le Luach Reatha Dualgais Sochair Scoir | 10 | 6,459 | 28,474 |
| **GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHA SA BHLIAIN** | | 8,339 | 32,395 |
| **COIGEARTÚ AR MHAOINIÚ UM SHOCHAIR SCOIR IARCHURTHA** | 10 | (8,339) | (32,395) |
| **CAILLTEANAS CUIMSITHEACH IOMLÁN** | | (877) | (99) |

